COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

An tSeirbhís Chúirteanna

Beartas Ginearálta um Chosaint Sonra

An Coimisinéir Cosanta Sonraí
Data Protection Commissioner

Beartas Ginearálta um Chosaint Sonra

Clár an Ábhair

Réamhrá 2

Cosaint Sonraí 2

Aidhm an Bheartais seo 2

Sainmhínithe 2

Dualgais na Seirbhíse Cúirteanna 4

Ceart Rochtana - Teacht ar Fhaisnéis Phearsanta 6

Eisceachtaí maidir leis an gCeart Rochtana 6

Agus má dhiúltaíonn an tSeirbhís Chúirteanna d'iarratas ar rochtain? 7

Cuntas ar na sonraí atá i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ina bhfuil sonraí pearsanta atá cláraithe ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí – www.dataprotection.ie 8

Bearta Slándála 10

Oifigeach Comhlíonta Sonraí 10

Dea-chleachtais 12

Aguisín 14

Réamhrá

Is í an tSeirbhís Chúirteanna atá freagrach go foriomlán as a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht ar chosaint sonraí sa chás gurb í rialtóir na sonraí pearsanta í.

Cosaint Sonraí

Le ceart bunúsach na ndaoine chun na príobháideachta a bhaineann cosaint sonraí. Tá an ceart ag daoine teacht ar shonraí a bhaineann leo féin, agus iad a cheartú. Caithfidh siad siúd a bhfuil sonraí faoi dhaoine aonair ina seilbh acu cloí leis na rialacha faoi chosaint sonraí. Tugann an beartas seo faisnéis faoi fhreagrachtaí na heagraíochta maidir le cosaint sonraí.

Aidhm an Bheartais seo

Is éard atá sa bheartas seo ráiteas faoin gceangal a chuireann an tSeirbhís Chúirteanna (mar Rialtóir Sonraí) uirthi féin cearta na ndaoine a chosaint de réir na reachtaíochta ar chosaint sonraí.

Sainmhínithe

Is ionann **Sonraí** agus faisnéis is féidir a phróiseáil. Cuimsíonn sé seo sonraí uathoibrithe agus sonraí láimhe ar aon.

> Is ionann **Sonraí Uathoibrithe** agus faisnéis ar bith ar ríomhaire nó faisnéis a taifeadadh chun í a chur ar ríomhaire.
>
> Is ionann **Sonraí Láimhe** agus faisnéis ar bith a choinnítear mar chuid de chóras comhdaithe.Baineann forálacha na reachtaíochta um chosaint sonraí chomh maith céanna le sonraí a fuarthas ach nár comhdaíodh fós.

Is ionann **Sonraí Pearsanta** agus sonraí a bhaineann le duine beo a shainaithneofar, nó is féidir a shainaithint, ar na sonraí seo nó ar na sonraí seo mar aon le faisnéis eile atá i seilbh an rialtóra sonraí nó a bhfuil seans maith go dtiocfaidh sí ina sheilbh.

Is ionann **Próiseáil** agus oibríocht nó sraith oibríochtaí ar bith a chur i bhfeidhm ar

shonraí, lena n-áirítear:

- na sonraí a fháil, a thaifeadadh nó a choinneáil;
- na sonraí a thiomsú, a eagrú, a chur ar stór, a athrú nó a chur in oiriúint;
- na sonraí a aisghabháil, a bhreathnú nó a úsáid;
- na sonraí nó an fhaisnéis a nochtadh de bharr iad a tharchur, a leathadh nó a chur ar fáil ar bhealach ar bith;
- na sonraí a ailíniú, a chomhcheangal, a bhacadh, a ghlanadh nó a scrios.

Is ionann **Ábhar Sonraí** agus an duine arb é ábhar na sonraí pearsanta é.

Is ionann **Rialtóir Sonraí** agus an duine a rialaíonn, leis féin nó in éineacht le daoine eile, na sonraí pearsanta féin agus an úsáid a bhaintear astu. Chun críche an bheartais seo, is í an tSeirbhís Chúirteanna an Rialtóir Sonraí.

Tá fostaithe uile na Seirbhíse Cúirteanna a bhíonn ag tiomsú agus/nó ag rialú úsáid na sonraí pearsanta agus gach a bhfuil iontu freagrach go pearsanta as an ngéilliúlacht don reachtaíocht faoi chosaint sonraí. Lena chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht faoi chosaint sonraí, déanfar socruithe le go gcuirfidh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánach iniúchtaí i gcrích go rialta. Soláthróidh an tSeirbhís Chúirteanna tacaíocht, cúnamh, comhairle agus oiliúint do na hoifigí agus don fhoireann go léir lena chinntiú go bhfuil sí i riocht an reachtaíocht a chomhlíonadh.

Is ionann **Oifigeach Comhlíonta Sonraí** agus duine a cheap an Rialtóir Sonraí (an tSeirbhís Chúirteanna) le maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na reachtaíochta faoi chosaint sonraí sa tSeirbhís.

Is ionann **Próiseálaí Sonraí** agus duine a phróiseálann faisnéis phearsanta thar ceann rialtóra sonraí, ach ní áiríonn sé seo fostaí rialtóra sonraí a phróiseálann a leithéidí de shonraí mar chuid dá dhualgais fostaíochta m.sh. Shared Services Centre i gCill Airne.

Baineann **Sonraí Pearsanta Íogaire** le hearnálacha áirithe sonraí a **shainmhínítear** mar a leanas: sonraí a bhaineann leis an mbunús cine; le tuairimí polaitíochta nó reiligiúin nó eile; leis an tsláinte chorpartha nó intinne; leis an mbeatha ghnéasach; le ciontuithe coiriúla nó le líomhaintí gur sáraíodh an dlí; le comhaltas ceardchumainn.

Dualgais na Seirbhíse Cúirteanna

Is é polasaí na Seirbhíse Cúirteanna maidir le feidhmiú na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 príomhfhreagrachtaí na reachtaíochta um chosaint sonraí a fheidhmiú.

Ag seo na freagrachtaí:

1. Faisnéis a fháil agus a phróiseáil go macánta.
   Gheobhaidh agus próiseálfaidh an tSeirbhís Chúirteanna sonraí pearsanta go macánta agus í ag comhlíonadh a cuid feidhmeanna agus a dualgas dlíthiúil.

2. Faisnéis a choinneáil chun críche nó chun críoch a bheidh sainithe follasach dleathach.
   Coinneoidh an tSeirbhís Chúirteanna sonraí chun críoch a bheidh sainithe dleathach agus arna sonrú go follasach agus ní phróiseálfar na sonraí ach ar bhealach a bheidh comhoiriúnach do na spriocanna seo.

3. Gan an fhaisnéis a úsáid ná a nochtadh ach ar bhealaí a bheidh comhoiriúnach do na spriocanna seo.
   Ní úsáidfidh ná ní nochtfaidh an tSeirbhís Chúirteanna sonraí pearsanta ach ar bhealaí atá riachtanach don sprioc/na spriocanna nó comhoiriúnach don sprioc/na spriocanna ar lena n-aghaidh a thiomsaíonn agus a choinníonn sí na sonraí.

4. An fhaisnéis a choinneáil slán sábháilte.
   Cuirfidh an tSeirbhís Chúirteanna bearta slándála i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú nach féidir teacht ar na sonraí, ná iad a athrú, a nochtadh nó a scrios gan chead agus nach gcailltear agus nach scriostar de thaisme iad. Admhaíonn an tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil caighdeáin arda slándála ríthábhachtach agus sonraí pearsanta á bpróiseáil.

5. An fhaisnéis a choinneáil sa riocht is cruinne, is iomláine agus is nuashonraithe.
   Déanfaidh an tSeirbhís Chúirteanna gach iarracht caighdeáin arda a

bhaint amach maidir le cruinneas agus le hiomláine na sonraí agus lena chinntiú go nuashonraítear sonraí pearsanta.

6. A chinntiú go bhfuil an fhaisnéis imleor ábharthach, gan a bheith iomarcach.
   Beidh na sonraí pearsanta a choinníonn an tSeirbhís Chúirteanna imleor ábharthach ach ní bheidh siad iomarcach i leith na spriocanna ar lena n-aghaidh a choinnítear iad.

7. Gan an fhaisnéis a choinneáil níos faide ná is gá.
   Beidh beartas sainithe ag an tSeirbhís Chúirteanna maidir leis na tréimhsí a gcoinneofar sonraí pearsanta agus cuirfear gnáthaimh oiriúnacha i bhfeidhm d'fhonn an beartas seo a chur i gcrích.

8. Cóip dá shonraí pearsanta a thabhairt do dhuine má iarrann sé a leithéid.
   Cuirfidh an tSeirbhís Chúirteanna gnáthaimh ar bun lena chinntiú gur féidir le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí.

Tá na freagrachtaí seo ceangailteach ar gach oifigeach a bhíonn ag plé le sonraí pearsanta. Sárú ar an Acht é gan iad a chomhlíonadh.

Ceart Rochtana – Teacht ar Fhaisnéis Phearsanta

De bhun Ailt 4 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988, arna leasú ag Alt 5 d'Acht 2003, tá an ceart ag duine nó ag grúpa daoine:

1. A fháil amach an bhfuil aon fhaisnéis phearsanta a bhaineann leo i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna.

2. Go dtabharfaí cóip de na sonraí seo dóibh, arna míniú go soiléir, is é sin d'aon fhaisnéis atá curtha ar stór ar ríomhaire nó i gcóras comhdaithe láimhe struchtúrach.

3. Na sonraí seo a chur á leasú nó á scrios má tá siad mícheart.

4. Gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Caithfear na hiarratais a dhéanamh i scríbhinn agus aon mhionsonra breise a chur leo a theastóidh le cur ar chumas na Seirbhíse Cúirteanna teacht ar na sonraí/an taifead, m.sh. uimhir an cháis, uimhir thagartha agus mar sin de. Beidh táille iníoctha, nach mó ná 6.35 é ar a mhéad.

Ach an t-iarratas a bheith déanta agus an táille cuí a bheith íoctha, <u>ní mór an fhaisnéis a thabhairt faoi cheann 40 lá.</u>

Eisceachtaí maidir leis an gCeart Rochtana

Leagann Alt 5 den Acht um Chosaint Sonraí 1988 amach líon beag imthosca inar féidir srian a chur le cearta an duine aonair taifid phearsanta a fheiceáil. Tá gá leis seo le gur féidir riar go cothrom ar chearta an duine aonair, sa chéad chás de, agus ar roinnt riachtanas tábhachtach de chuid na sochaí sibhialta sa chás eile. Mar shampla, níl an ceart ag an té a bhfuil amhras air i leith ciona choiriúil faisnéis a bhaineann leis atá i seilbh an Gharda Síochána a fheiceáil, dá bhféadfadh sé seo imscrúdú coiriúil a bhac; ná níl an ceart ag duine an chumarsáid idir dlíodóir agus a chliant a fheiceáil má tá an chumarsáid sin faoi réir pribhléide dlíthiúla sa chúirt.

Agus má dhiúltaíonn an tSeirbhís Chúirteanna d'iarratas ar rochtain?

Mura gceadaíonn an tSeirbhís Chúirteanna iarratas a rinneadh ar rochtain, féadfaidh duine gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí. Imscrúdóidh an Coimisinéir an scéal lena chinntiú go bhfuil cearta an duine sin á gcomhlíonadh go hiomlán. Tá cumhachtaí leathana ag an gCoimisinéir imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar leis agus bearta cuí a dhéanamh in aghaidh daoine nó eagraíochtaí nach bhfuil ag comhlíonadh fhorálacha an Achta.

Cuntas ar na sonraí atá i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ina bhfuil sonraí pearsanta atá cláraithe ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Cosanta Sonraí – www.dataprotection.ie

Cuntas ar na sonraí atá i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna:	Oibríochtaí na Cúirte Uachtaraí & na hArd-Chúirte • Rianú cásanna na hArd-Chúirte; • Faisnéis bhunúsach a bhaineann leis an gcás; • Taifid d'iarratais ar phrobháid; • Breithiúnais Ard-Cúirte; • Liostaí Cúirte; • Cuntais Coimircithe agus Coiste atá in Oifig an Ard-Aturnae do Mhionaoisigh agus Choimircithe Cúirte; • Clár Cumhachtaí Marthanacha Aturnae in Oifig na gCoimircithe Cúirte; • Bunachar sonraí do gach oifig aturnae in Éirinn maidir le cásanna díobhála pearsanta d'fhonn cloí le hAlt 30 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004. Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha • Iarratais ar cheapacháin bhreithiúnacha; • Faisnéis phearsanta a bhaineann le fógraí, le tairiscintí agus le hábhar a foilsíodh, go mór mór Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Oibríochtaí na Cúirte Cuarda & na Cúirte Dúiche • Rianú cásanna na Cúirte Cuarda; • Faisnéis bhunúsach a bhaineann leis an gcás; • Iarratais ar chúnamh dlí/coiriúil; • Liostaí Cúirte; • Iarratais ar thoghairmeacha Dlí Teaghlaigh agus Orduithe Dlí Teaghlaigh; • Toghairmeacha giúiré agus Liostaí Giúiré; Orduithe Cúirte; • An Chúirt Dúiche - duilleoga cúiseamh, toghairmeacha, cláir, cuntais, páipéir achomhairc, orduithe cóipe, dícháilithe, formhuiniú ar bith (de bhun na nAchtanna

	um Thrácht ar Bhóithre) fógraí, cuntais dlí teaghlaigh. accounts. Stiúrthóireacht Airgeadais • Cuntais Oifig na Cúirte; • Idirbhearta airgeadais an Chórais Chuntasaíochta de bhun orduithe cúirte agus rialacha cúirte; • Íocaíochtaí táillí cúirte; • Córas rianaithe toibhithe fíneálacha.
	Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna • Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna; • Taifid na foirne atá ar fostú ag na Cúirteanna nó ag na breithiúna nó a íoctar as Vóta na gCúirteanna
	Féadfaidh ceann ar bith nó gach ceann de na hoifigí thuas-luaite sonraí a choinneáil a bhaineann le cáipéisí tairisceana agus/nó fógra.
Sprioc ar lena aghaidh a bhfuil na sonraí á gcoinneáil:	• Riarachán na Seirbhíse Cúirteanna.
Páirtithe dá gceadaítear na sonraí a nochtadh:	• Daoine dá dtagraíonn na sonraí; • Páirtithe leasmhara de réir Rialacha na Cúirte Dúiche 1997 (arna leasú agus arna bhfairsingiú), rialacha na Cúirte Cuarda (arna leasú agus arna bhfairsingiú), Rialacha na hUaschúirte 1986 (arna leasú agus arna bhfairsingiú); • An tAire Dlí agus Cirt agus oifigigh eile arna gceapadh aige; • An Garda Síochána; ranna rialtais eile; departments; • Pearsanra cothabhála ríomhairí; • Na Coimisinéirí Ioncaim.
Sonraí íogaire (earnálacha a choinnítear, má choinnítear): An bunús cine; Tuairimí polaitíochta; Tuairimí creidimh; Tuairimí eile; Sláinte Chorpartha nó intinne; Beatha ghnéasach; Ciontuithe coiriúla.	• Taifid maidir le sláinte agus saoire bhreoiteachta; • Féadfaidh taifid chúirte áirithe atá i seilbh na gCúirteanna sonraí íogaire a áireamh.

Bearta Slándála

Cuireann an tSeirbhís Chúirteanna de cheangal uirthi féin na bearta slándála seo a leanas a chur i bhfeidhm:

Cosaintí Fisiceacha

- Taifid Acmhainní Daonna - Cead rochtana ag pearsanra AD amháin, taifid faoi ghlas.
- An t-áitreabh daingnithe agus faoi aláram mura bhfuil sé áitithe.

Cosaintí Teicniúla

- Gach PC arna chosaint ag pasfhocal - pasfhocal córais riachtanach don rochtain ar theirminéil an chórais.
- Bogearraí frithvíreas suiteáilte.

Feasacht na Foirne

- Tarraingeofar aird gach baill foirne ar dhualgais na Seirbhíse Cúirteanna de bhun na nAchtanna um Chosaint Sonraí.
- Cuirfidh an tOifigeach Comhlíonta Cosanta Sonraí tacaíocht agus comhairle ar fáil do phearsanra na Seirbhíse Cúirteanna maidir le cúrsaí a bhaineann le cosaint sonraí.

Oifigeach Comhlíonta Sonraí

Ní mór don Oifigeach Comhlíonta Cosanta Sonraí:

- ➔ Sonraí na Seirbhíse Cúirteanna a chlárú gach bliain ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara um Chosaint Sonraí;

- ➔ Faisnéis a chomhordú agus freagra a thabhairt ar iarratais ó dhaoine aonair nó ó ghrúpaí daoine;

- Tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil d'fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna faoi chúrsaí ar bith a bhaineann le cosaint sonraí.

Caithfidh na ball foirne uile a ndualgais i leith na reachtaíochta cosanta sonraí a thuiscint agus:

- Iarratais Chosanta Sonraí a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Comhlíonta Cosanta Sonraí láithreach;

- A bheith airdeallach agus tuairimí faoi dhaoine aonair agus/nó ghrúpaí á dtaifeadadh;

- An fhaisnéis a chaomhnú go beacht;

- Cloí le gnáthaimh shlándála ríomhaireachta;

- Dul i gcomhairle leis an Oifigeach Comhlíonta Cosanta Sonraí sula gcuirtear sonraí pearsanta ar bith ar aghaidh chun daoine lasmuigh den tSeirbhís Chúirteanna ;

- A chinntiú go bhfuil comhaontú rúndachta sínithe ag cuideachta, comhairleach nó conraitheoir ar bith a foinsíodh allamuigh sula n-eisítear sonra ar bith de chuid na Seirbhíse Cúirteanna.

Dea-chleachtais

Cuireann an tSeirbhís Chúirteanna de cheangal uirthi féin an dea-chleachtas a fhorbairt maidir leis na sonraí pearsanta a thiomsaíonn sí agus/nó a rialaíonn sí. Ag feidhmiú an dea-chleachtais di:

- Comhlíonfaidh an tSeirbhís Chúirteanna príomhfhreagrachtaí na reachtaíochta cosanta sonraí;
- Cosnóidh sí cearta an duine aonair chun na príobháideachta;
- Cosnóidh sí na sonraí pearsanta a thiomsaíonn, a phróiseálann agus a choinníonn sí;
- Nochtfaidh sí sonraí pearsanta de bhun na nAchtanna um Chosaint Sonraí nuair a cheadaíonn an dlí é agus an uair sin amháin;
- Bainisteoidh, comhordóidh agus forbróidh sí feidhmiú na reachtaíochta um chosaint sonraí sa tSeirbhís Chúirteanna go héifeachtach. San áireamh anseo tá bainistiú na bhfreagraí ar iarratais ar rochtain, na srianta a chuirfear ar an rochtain nuair is gá agus an chumarsáid leanúnach idir an tAonad Cosanta Sonraí agus na hoifigí lena chinntiú go bhfuil cleachtais, tograí agus forbairtí áirithe géilliúil go hiomlán don reachtaíocht um chosaint sonraí;
- Comhthadhlóidh, comhoibreoidh agus tacóidh sí le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí maidir le ceisteanna a bhaineann le Cosaint Sonraí sa tSeirbhís Chúirteanna;
- Comhthadhlóidh sí le ranna/oifigí Rialtais eile faoi chúrsaí cosanta sonraí ar díol suime iad do gach páirtí;
- Cinnteoidh sí go dtuigeann foireann na Seirbhíse Cúirteanna a ndualgais de bhun an nAchtanna um Chosaint Sonraí;
- Comhthadhlóidh sí le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí d'fhonn treorú a fháil faoi chásanna ar leith;
- Beidh sí airdeallach agus tuairimí faoi dhaoine agus/nó faoi ghrúpaí á dtaifeadadh;

- Cinnteoidh sí nach féidir leis an bpobal i gcoitinne sonraí a chuirtear ar taispeáint ar scáileáin ríomhairí, ar pháipéir nó ar asphriontaí ríomhaire a léamh mura bhfuil siad i dteideal na mionsonraí áirithe seo a fheiceáil;

- Cinnteoidh sí go bhfuil comhaontú rúndachta sínithe ag cuideachta, comhairleach nó conraitheoir ar bith a foinsíodh allamuigh go gcloífidh siad le dualgais na Seirbhíse Cúirteanna i leith na reachtaíochta um chosaint sonraí. (Féach sampla san Aguisín).

* **Athbhreithneofar an Beartas seo go rialta i bhfianaise rialacha reachtaíochta nó rialacha ábharthacha ar bith eile.**

Aguisín

Cosaint Sonraí

Toirmiscfear ar an tairgeoir a n-éireoidh leis an conradh ná aon chuid de a aistriú nó a shannadh, go díreach nó go hindíreach, do dhuine nó do dhaoine ar bith, do chorparáid nó d'eintiteas dlíthiúil eile, gan cead scríofa a fháil roimh ré ón tSeirbhís Chúirteanna. Agus é ag iarraidh an réamhcheada scríofa, soláthróidh an tairgeoir ar éirigh leis cóip den chonradh/chomhaontú atá sé a bheartú a dhéanamh d'fhonn a chuid dualgas a aistriú nó a shannadh. Áireoidh an conradh/comhaontú atá á bheartú srian den sórt a léirítear thuas d'fhonn aistriú nó sannadh dualgais do pháirtí seachas don pháirtí a fhaomhfaidh an tSeirbhís Chúirteanna a bhac. Caithfidh na tairgeoirí a n-éireoidh leo coinníollacha ginearálta an chonartha a chomhlíonadh agus féachaint chuige go gcomhlíonfaidh na fo-chonraitheoirí uile iad, agus go háirithe na téarmaí a bhaineann leis an ngéilliúlacht d'aon reachtaíocht ábharthach a bhaineann le hEagrú Am Oibre, Sláinte agus Sábháilteacht agus Cosaint Sonraí.

Géillfidh an soláthraí seirbhíse do na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2003, arna leasú, agus cinnteoidh sé go mbeidh gach ball dá fhoireann agus gach fo-chonraitheoir a d'fhéadfadh a bheith ann eolach orthu agus go ngéillfidh siad dóibh.